

AN TEINE CHOMHARTHA

Nuair a bhíodh bád a' tigheacht ó Gheansa le lucht bhíodh teine chomhartha lasta ar chrocán in aice an chuain a mbíodh an bád le thigheacht ann. Comhartha an teine nach raibh soitheach an Ríogh sa gcuan. Mara bhfeicfeadh caiptín an bháid an teine chomhartha lasta an oidhche a thiocfadh sé ní thiocfadh sé isteach. Bhíodh Marcus Mór Ó Tuathaláin ag tigheacht isteach ó Gheansa i gCaladh Chúlaim i Leitir Mealláin. Bhíothas a' súil leis turas ar feadh coighcise agus bhí an teine chomhartha lasta chuile oidhche dhó ach níor tháinig sé. D'eirigh siad as an teine annsin. Ní raibh fhios aca céard a d'eirigh dhó. Tháinig sé annsin oidhche agus bhí sé a' ceapadh gur faillighe a rinne an mhuinntir sa mbaile nuair nach raibh súil aca leis, mar bhí faillighe déanta aige féin. Thainig sé isteach i gCaladh Chúlaim agus bhí soitheach an Ríogh ann roimhe. Rugadh air agus tógadh an bád agus gach a raibh innte.